CEACHT 16

AN SORCAS



Pictiúr: Radharc:

(a) Puball an tsorcais, Mamaí, Daidí, Páid, Bríd agus Nóirín ag dul go dtí an sorcas, airgead agus ticéid a chur i láimh Dhaidí; (b) an cúigear acu ina suí, fáinne an tsorcais, fear grinn a bhfuil srón dhearg agus geansaí fada air, cailín ina seasamh ar chapall bán (ansin í ina luí ar an talamh), moncaí ag imirt peile, comhartha ceiste a chur sa chiorcal cainte de réir mar a oireann.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Chuaigh Mamaí, Daidí agus an triúr páiste go dtí an sorcas. Fuair Daidí na ticéid. Ansin shuigh an cúigear acu síos. Tháinig an fear grinn amach.

Agallamh

PÁID: Nach bhfuil a shrón an-dearg?
BRÍD: Tá. Agus tá a gheansaí an-fhada.
DAIDÍ: Féach! tá capall ag teacht anois. Agus tá cailín ina seasamh ar a dhroim.
NÓIRÍN: Ó! titfidh sí ar an talamh.
MAMAÍ: Ní thitfidh, a stór.
DAIDÍ: Tá an moncaí ag teacht anois. Féach! tá sé ag imirt peile.

Cuntas Reatha

Bhí an-spórt acu.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Céard a rinne Mamaí, Daidí agus na páistí?
Céard a rinne Daidí?

Agus ansin rinne an cúigear acu rud éigin?
Céard a rinne an fear grinn?

Tusa, "a Pháid", cuir ceist faoina shrón.
Freagair é, a "Bhríd".
Agus céard faoina gheansaí?
Agus an capall, a "Dhaidí"?
Cá bhfuil an cailín?
Tá eagla ort, a "Nóirín".
Cén fáth?
Freagair í, a "Mhamaí".
Agus céard faoin moncaí, a "Dhaidí"?
Agus céard atá sé a dhéanamh?

Bhí brón ar na leanaí, is dócha?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. Chuaigh *an triúr* acu go dtí an sorcas.
   (*beirt, ceathrar, cúigear, duine amháin*).
2. *Fuair* Daidí na ticéid.
   (*an Domhnach seo chugainn, gach lá, Dé Sathairn seo caite*; an? ní: *inné;* an? ní: *amárach;* an? *gach lá*).
3. Bhí an-spórt *acu.*
   (*mise, tusa, eisean, ise, sibh,* Máire, na páistí*).
4. Tá *a gheansaí an-fhada.*
   (*tusa, mise,† ise*)
   aidiachtaí eile m.sh. *mór, beag, gearr,* etc., a úsáid in ionad *fada.*

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Dráma:
   Chuaigh an chlann go dtí an Sú: an bunchomhrá a athrú dá réir.
3. Scéal a chumadh:
   Chuaigh Mamaí, Daidí agus mé féin go dtí an sorcas. Chonaiceamar fear grinn . . .
4. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.

*.i. "Bhí an-spórt againn".
†.i. "Tá do gheansaí an-fhada".

Rann Ceoil (An Ceol ar théip)

Curfá
Tá sorcas ar an teilifís, tá sorcas ar an teilifís
Féach anois an teilifís, tá sorcas mór ag tosú.

I

Tá fear grinn beag ag teacht anois,
Ag rith, ag léim, ag rith arís
Tá fear grinn beag ag teacht anois,
Hó . . . !

II

Tá moncaí beag ag teacht anois
Ag caitheamh uisce, tut, tut, tut,
Tá moncaí beag ag teacht anois
Splash . . . !

III

Tá capall bán ag teacht anois,
Tá cailín álainn ar a dhroim,
Tá capall bán ag teacht anois,
Clip, clop . . . !

IV

Tá madra beag ag teacht anois
Ag imirt peile le liathróid bheag
Tá madra beag ag teacht anois
Bow . . . !

Curfá
Tá sorcas ar an teilifís, tá sorcas ar an teilifís
Féach anois an teilifís, tá deireadh leis an sorcas mór.